C/2024/5852

24.9.2024

Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/285/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. Uimh. 377/2012 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i nGuine Bissau

(C/2024/5852)

Dírítear aird na ndaoine a luaitear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Cinneadh 2012/285/CBES ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh 2024/2504 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. Uimh. 377/2012 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2518 ón gComhairle ([4]), a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe ar bagairt iad ar shíocháin, slándáil nó cobhsaíocht Phoblacht Ghuine Bissau, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tar éis di athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na ndaoine arna n-ainmniú sna hiarscríbhinní thuasluaite, chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart go leanfadh na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/285/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 377/2012 d'fheidhm a bheith acu maidir leis na daoine sin.

Cuirtear in iúl do na daoine lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear sna suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. Uimh. 377/2012, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 4 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú ar an gcinneadh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, **faoin 27 Nollaig 2024**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
DG RELEX 1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirtear in iúl do na daoine lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 142, 1.6.2012, lch. 36.
([2]) IO L, 2024/2504, 24.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2504/oj.
([3]) IO L 119, 4.5.2012, lch. 1.
([4]) IO L, 2024/2518, 24.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2518/oj.